
# Sult 2025

Eochairfhocail: féile, ardchaighdeán, Gaoth Dobhair, banna ceoil, amhránaí, ceoltóir

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh agus léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén fhad atá an fhéile seo, Sult, ar an bhfód?
2. An íoctar na daoine éagsúla as an obair a dhéanann siad chun an fhéile a eagrú?
3. Cad as don bhanna ceoil Na Trí Phiontaí?
4. Cén saghas gaoil atá idir baill an bhanna ceoil Banyah?
5. Cé mhéad duine atá ag freastal ar an bhféile, dar le Piaras Ó Dochartaigh?
6. Cad is ainm do dheartháir Hannah McFadden?
7. Cén dream ar a bhfuil Lá na nÓg dírithe?
8. Cad a tharla don séipéal/teach pobail i nGaoth Dobhair le déanaí?
9. Cén saghas caighdeáin a bhaineann leis an bhféile seo, dar le Piaras Ó Dochartaigh?
10. Ar mhaith leat freastal ar fhéile cheoil? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Féach ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas.**
**Tá an chéad cheann déanta mar threoir**

| | |
|---|---|
| Is féile cheoil í Sult a bhíonn ar siúl i mí Iúil i | a eagrú |
| Tá Gaoth Dobhair suite | gach aoisghrúpa |
| Tá baint ag an Teachta Dála Piaras Ó Dochartaigh | a atógáil |
| Seinneann a lán bannaí ceoil | áitiúla chomh le bannaí ceoil náisiúnta agus idirnáisiúnta ag seinm ag an bhféile |
| Bíonn imeachtaí ar siúl le linn na féile do gach | ceoltóirí móra le rá eile |
| Oibríonn muintir na háite go deonach chun an fhéile | nGaoth Dobhair gach bliain |
| Tá beirt bhall ann sa bhanna ceoil | le heagrú na féile |
| Ceapann Piaras Ó Dochartaigh go bhfuil sé iontach tábhachtach go mbeidh bannaí ceoil | BanYah |
| Ceapann Hannah McFadden go bhfuil Sult cosúil le | i gceantar Gaeltachta i nDún na nGall |
| Níor cheap Hannah McFadden go mbeadh sí riamh ar an stáitse céanna le | Glastonbury |
| Tá sé i gceist an teach pobail sa cheantar | iontacha ag an bhféile |

Foghlaim TG4


Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**D'fhreastail tú ar an bhféile Sult le déanaí. Iarrtar ort cuntas 200 focal a scríobh faoin bhféile. Déan tagairt do na nithe seo a leanas sa chuntas:**

· an áit a raibh sé ar siúl
· an t-am a thosaigh agus a chríochnaigh na himeachtaí
· an t-atmaisféar a bhí ann
· an saghas ceoil a bhí le cloisteáil
· an líon daoine a bhí ann
· Imeacht amháin eile seachas ceolchoirmeacha a bhí ar siúl
· Rud iontach amháin a tharla i rith do thréimhse ag an bhféile

Foghlaim TG4

Freagraí



1. Ocht mbliana
2. Ní íoctar/ is oibrithe deonacha iad
3. Rann na Feirste/Gaoth Dobhair
4. Is siblíní iad
5. Thart ar 2,000 duine
6. Liam Joe
7. Páistí óga
8. Chuaigh sé trí thine/dódh é
9. Ardchaighdeán

1. Is féile cheoil í Sult a bhíonn ar siúl i mí Iúil i nGaoth Dobhair gach bliain
2. Tá Gaoth Dobhair suite i gceantar Gaeltachta i nDún na nGall
3. Tá baint ag an Teachta Dála Piaras Ó Dochartaigh le heagrú na féile
4. Seinneann a lán bannaí ceoil iontacha ag an bhféile
5. Bíonn imeachtaí ar siúl le linn na féile do gach aoisghrúpa
6. Oibríonn muintir na háite go deonach chun an fhéile a eagrú
7. Tá beirt bhall ann sa bhanna ceoil BanYah
8. Ceapann Piaras Ó Dochartaigh go bhfuil sé iontach tábhachtach go mbeidh bannaí ceoil áitiúla chomh le bannaí ceoil náisiúnta agus idirnáisiúnta ag seinm ag an bhféile.
9. Ceapann Hannah McFadden go bhfuil Sult cosúil le Glastonbury
10. Níor cheap Hannah McFadden go mbeadh sí riamh ar an stáitse céanna le ceoltóirí móra le rá eile
11. Tá sé i gceist an teach pobail sa cheantar a atógáil